Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7986/26**

**ECOFIN 417**
**UEM 128**
**STATIS 21**
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle a cheapadh |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an gcomhalta**
**den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach**
**a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle a cheapadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4(1), pointe (b), (ii), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta an 20 Márta 2026,

---

1 IO L 73, 15.3.2008, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/234(1)/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 29 Eanáir 2024[2], cheap an Chomhairle Ylva HEDÉN WESTERDAHL mar chomhalta a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ar feadh téarma 5 bliana.

(2) D'éirigh ionadaí na Comhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach, Ylva HEDÉN WESTERDAHL, as oifig an 18 Nollaig 2025.

(3) Is gá, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh a dhéanfaidh ionadaíocht don Chomhairle ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige, dar críoch an 10 Feabhra 2029. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 Cinneadh ón gComhairle an 29 Eanáir 2024 maidir leis an gcomhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle a cheapadh (IO C, C/2024/1454, 8.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1454/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Robert KIRCHNER mar chomhalta a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach go dtí an 10 Feabhra 2029.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*